



*Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh:*

Beartas agus Straitéis maidir le  
hEalaín Phoiblí 2018

## Cur Síos Ginearálta agus Comhthéacs

Cruthaíonn Scéim an Chéatadáin don Ealaín an Rialtais deiseanna do dhaoine a bheith ag gabháil d'ealaín chomhaimseartha agus a bheith ag obair le healaíontóirí ó lá go lá. Tá an scéim nasctha le tionscadail bhonneagair phoiblí cosúil le scoileanna, tithíocht shóisialta, forbairt bóithre agus foirgnimh chúram sláinte. Tagraítear don obair a chruthaítear faoin scéim mar ealaín phoiblí go minic. Is é tosaíocht na Comhairle Ealaíon cumas Scéim an Chéatadáin don Ealaín a uasmhéadú. Déanaimid é sin trí abhcóideacht, trí chomhairle agus trí thacaíocht.

Is sampla é obair na Comhairle Ealaíon sa réimse seo dá ról mar ghníomhaireacht forbartha ag obair i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear ranna rialtais agus gníomhaireachtaí, údaráis áitiúla agus coimisinéirí. Tá go leor samplaí ann de thionscadail Céatadán ar son na hEalaíne a léiríonn cumas na scéime deiseanna cruthaitheacha a sholáthar d'ealaíontóirí gairmiúla agus raon na healaíne comhaimseartha a leathnú chuig lucht féachana nua agus éagsúil. Ach tá dúshlán ag baint freisin lena cur i bhfeidhm, ar féidir leis teorainn a chur lena cumas cruthaitheach.

In [Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh](#), sainníonn an Chomhairle Ealaíon dhá réimse tosaíochta beartais: [an t-ealaíontóir](#) agus [rannpháirtíocht an phobail](#). D'fhonn na réimsí tosaíochta sin a chur ar fáil i dtaca le Scéim an Chéatadáin don Ealaín, glacfaidh an Chomhairle an cur chuige seo a leanas sna trí bliana seo romhainn.

## Ealaíontóirí

Is foinse thábhachtach maoinithe é Céatadán ar son na hEalaíne agus is féidir leis buiséid shuntasacha a sholáthar ag cur ar chumas ealaíontóirí saothar uailmhianach agus nua a shamhlú agus a chruthú thar gach foirme ealaíne agus réimsí cleachtais ealaíon. Seachadtar Céatadán ar son na hEalaíne trí phróiseas coimisiúnaithe a thacaíonn le healaíontóirí chun saothar nua a fhorbairt agus a chur i gcrích in áiteanna sonracha, i gcomhthéacsanna agus socruithe, agus plé á dhéanamh le pobal go minic. Caithfear an próiseas coimisiúnaithe a bhainistiú go maith d'fhonn tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí de réir mar a chruthaíonn siad saothar nua agus chun ealaíontóirí nach raibh in ann leas a bhaint as na deiseanna roimhe seo a mhealladh. Is minic go mbíonn tacaíocht agus treoir níos mó de dhíth ar choimisinéirí céaduaire agus aonuaire, toisc gur próiseas casta a bhíonn i gceist, ag cuimsiú smaointe cruthaitheachta agus bunúlachta.

I dtéarmaí ealaíontóirí, is spéis leis an gComhairle Ealaíon thar aon ní eile timpeallacht a chruthú ina mbíonn rochtain ag ealaíontóirí ar mian leo tionscadail ealaín phoiblí a fhorbairt tríd Scéim an Chéatadáin don Ealaín ar na tacaíochtaí atá riachtanach chun tionscadail phoiblí chomhaimseartha d'ardchaighdeán agus uailmhianach a dhéanamh.

**Agus í ag tabhairt breis tacaíochta d'ealaíontóirí, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na nithe seo a leanas as seo go ceann trí bliana:**

- Oibreoidh sí leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le ranna rialtais agus le páirtithe leasmhara eile lena chinntiú go gcuirtear Scéim an Chéatadáin don Ealaín i bhfeidhm go héifeachtach agus

go mbíonn na hacmhainní aici thar gach clár nua caipitil, rud a mhéadóidh agus a fheabhsóidh dá réir sin caighdeán na ndeiseanna coimisiúin d'ealaíontóirí.

- Cuirfidh sí tionscadail eisceachtúla agus chomhaimseartha de chuid Céatadán ar son na hEalaíne chun cinn mar aon le cur chuige coimisiúnaithe mar úsáid dea-chleachtais na scéime agus déanfar é sin le héagsúlacht leathan páirtithe leasmhara.
- Oibreoidh sí chun an tuairim maidir le healaín phoiblí a leathnú amach in úsáid na scéime chun a chinntiú gur féidir le healaíontóirí as gach réimse foirm ealaíne leas a bhaint as deiseanna chun saothar uailmhianach a dhéanamh i gcomhthéacsanna poiblí.

## Rannpháirtíocht an Phobail

Eascraíonn Scéim an Chéatadán don Ealaín ó thionscadail bhonneagair stáit, ag bunú deis uathúil do rannpháirtíocht chruthaitheach an phobail a bheidh nasctha le mórfhorbairtí agus le hathrú sóisialta in Éirinn. Is féidir le tionscadail Céatadán ar son na hEalaíne naisc a chothú i bpobail leasa nó áite, ag dul i gcion ar dhaoine, iad mar rannpháirtithe agus mar lucht féachana nua agus éagsúil, lena n-áirítear iad sin nach mbeadh ag gabháil do na healaíona de ghnáth.

D'fhonn an oiread rannpháirtíochta agus is féidir a chinntiú i measc an phobail agus d'fhonn an tairbhe is mó a bhaint as an scéim, agus ionas go mbeidh ealaíontóirí in ann naisc chruthaitheacha a fhorbairt le daoine, tréimhse ama agus áit, ba cheart coimisinéirí a spreagadh agus tacú leo Céatadán ar son na hEalaíne a tharraingt anuas agus leas a bhaint as ag teacht le treoirlínte náisiúnta ar dhea-chleachtas.

### ***Agus rannpháirtíocht an phobail á forbairt tuilleadh, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:***

- Oibreoidh sí leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, le ranna rialtais eile agus le páirtithe leasmhara lena chinntiú go gcuirtear an scéim i bhfeidhm go héifeachtach thar gach clár bonneagair ábhartha, d'fhonn deiseanna rannpháirtíochta poiblí a mhéadú agus a fheabhsú tríd an scéim.
- Oibreoidh sí i gcomhar le coimisinéirí agus le healaíontóirí chun an úsáid is fearr as an scéim a chur chun cinn, agus díreoidh sí go háirithe ar rannpháirtíocht chruthaitheach agus éifeachtach an phobail.

## Réimsí Forbartha Sonracha

Tá feidhm le Scéim an Chéatadán don Ealaín d'infheistíochtaí bonneagair chaipitil thar raon ranna rialtais. Cé go bhfuil ról comhordaithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, teastaíonn cur chuige agus struchtúr grinn má táthar chun an scéim a thabhairt chun cinn agus a fheabhsú, agus caithfidh siad sin oibriú idir na ranna éagsúla.

In 2004 bhí an roinn ar son cur chuige náisiúnta le haghaidh Scéim an Chéatadán don Ealaín trí fhoilsiú na *d'Treoirlínte Ginearálta Náisiúnta ar Ealaín Phoiblí: Scéim an Chéatadán don Ealaín*. Cé go raibh tionchar dearfach den chuid is mó ag na treoirlínte, cosúil le beartais ar ealaín phoiblí a d'fhorbair roinnt údarás áitiúil, caithfear iad a

nuashonrú chun dul i ngleic le saincheisteanna beartais náisiúnta agus comhlíonadh. Féachann an Chomhairle Ealaíon le forbheathnú a choimeád de ghníomhaíocht agus tionchar a imirt ar bheartas agus ar chleachtas nuair is féidir. Níl Grúpa Comhordaithe Idir-rannach don Ealaín Phoiblí a bunaíodh roimhe seo i mbun oibre níos mó, agus is deis é seo chun dul i ngleic leis sin, ag glacadh le cláir tógála caipitil amach anseo.

Bainistíonn an Chomhairle Ealaíon suíomh gréasáin forbartha na healaíne poiblí publicart.ie freisin mar acmhainn náisiúnta. Mar chuid den tseirbhís sin tugtar comhairle agus faisnéis dóibh sin a thugann faoi choimisiúin Céatadán ar son na hEalaíne, lena n-áirítear coimisinéirí céaduaire agus aonuaire.

***Táimid tiomanta a chinntiú go dtugtar chun fire go hiomlán cumas Céatadán ar son na hEalaíne. Chun dul i ngleic leis sin, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:***

- Oibreoidh sí chun tacú le tógáil cumais sa réimse agus chun an scéim a chur i bhfeidhm go héifeachtach, lena n-áirítear:
  - Oibreoidh sí ar son athbhreithniú a dhéanamh ar threoirlínte 2004 do Chéatadán ar son na hEalaíne agus chun beartas náisiúnta a fhorbairt mar bhonn taca ag an obair sin.
  - Tacóidh sí le forbairt cur chuige comhordaithe náisiúnta maidir le Scéim an Chéatadán don Ealaín, lena n-áirítear ceannaireacht shoiléir láraithe. Déanfaidh sí poiblíocht ar bhunachar sonraí lárnach de bhuiséid a leithdháilfear agus a úsáidfear nó de thoradh na dtionscadal a chuirfear i gcrích.
  - Oibreoidh sí i gcomhar le chéile chun foghlaim fianaise-bhunaithe a bhunú maidir leis an scéim, lena n-áirítear bunachar sonraí maoinithe lárnach agus coimisiúin, a bheidh in ann treoir a thabhairt do bheartas agus do chleachtas sa réimse seo ag dul ar aghaidh.
- Beidh sí ar an eolas agus beidh eolas aici faoi na dúshláin chomh maith leis an méid atá bainte amach i dtaca le Céatadán ar son na hEalaíne a chur i bhfeidhm ag teacht leis an tiomantas do chlár nua bonneagair in Éirinn.
- Déanfaidh sí uasghrádú ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon publicart.ie chun:
  - Taithí úsáideoirí den suíomh gréasáin a fheabhsú trí inrochtaineacht fheabhsaithe, uasghrádú teicneolaíochta agus uirlisí praiticiúla i gcomhair idirfhásála.
  - Inneachar a athfhorbairt chun foghlaim a ghabháil agus a roinnt agus chun cás-staidéir a bhreacadh síos, lena n-áirítear tacaíochtaí nua do choimisinéirí céaduaire agus aonuaire, agus chun iniúchadh a dhéanamh ar úsáid as físeáin agus beochan mar bhealach chun dea-chleachtas a spreagadh.

Réimsí Eile as *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* ina bhfuil Leas Straitéiseach ag an Ealaín Phoiblí

***Sa réimse a bhaineann le daoine óga, leanaí agus oideachas, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:***

- Déanfaidh sí poiblíocht ar an gcumas atá ag Céatadán ar son na hEalaíne trí oibriú i gcomhpháirtíocht le tionscnaimh mar Scoileanna Ildánacha, An Chairt um na hEalaíona san Oideachas, an Roinn Oideachais agus Scileanna lena chinntiú go bhfaighidh leanaí taithí iontach agus spésiúil ar na healaíona.
- Forbróidh sí comhpháirtíocht thairbhiúil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus é mar aidhm againn an leibhéal tacaíochta agus na hacmhainní a bheidh ar fáil do scoileanna a bheidh ag tabhairt faoi thionscadail Céatadán ar son na hEalaíne a fheabhsú.
- Spreagfaidh sí scoileanna chun raon a gcuir chuige coimisiúnaithe a leathnú trí Céatadán ar son na hEalaíne, agus machnamh a dhéanamh ar choimisiúnú a dhéanamh ar raon foirmeacha ealaíne agus cleachtas ealaíon níos leithne, go háirithe iad sin a thugann deis do dhaoine óga a bheith rannpháirteach go gnómhach i dtionscadal ealaíon, agus iad ag gabháil dó.
- Forbróidh sí cás-staidéir ar Thionscadail Céatadán ar son na hEalaíne i socrúithe scoileanna, tabharfaidh sí tacaíocht agus comhairle do roinnt scoileanna a bheidh ag tabhairt faoi choimisiún, agus spreagfaidh sí doiciméadú na dtionscadal sin féachaint lena dtaithe a roinnt.